Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Eanáir 2021
(OR. en)**

**5363/21**

**AGRI 13
DELACT 4**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13692/20 |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/427 a mhéid a bhaineann le dáta chur i bhfeidhm na leasuithe ar rialacha mionsonraithe áirithe maidir le táirgeadh le haghaidh táirgí orgánacha in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848<br>*- Gníomh tarmligthe - Rún gan agóid a dhéanamh* |

1. Tá an Coimisiún tar éis an gníomh tarmligthe thuasluaite a chur faoi bhráid na Comhairle i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 290 CFAE agus in Airteagail 54, 12(2)(e), 14(2)(c) agus 15(2)(a) agus (d) de Rialachán (AE) 2018/848[1]. Tar éis don Choimisiún fógra a thabhairt faoin ngníomh tarmligthe an 4 Nollaig 2020, féadfaidh an Chomhairle agóid a dhéanamh ina choinne go dtí an 5 Feabhra 2021.

2. An 18 Eanáir 2020, dhaingnigh an Coiste Speisialta um Thalmhaíocht (CST ) toradh an chomhairliúcháin tosta a seoladh an 4 Nollaig lenar mheas na toscaireachtaí nach raibh aon fhorais ann don Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe. Chomhaontaigh CST freisin an Pharlaimint agus an Coimisiún a chur ar an eolas, roimh dhul in éag don tréimhse le haghaidh agóid a dhéanamh.

[1] Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1.)

3. Molann CST, dá bhrí sin, go ndaingeoidh an Chomhairle, mar mhír "A" ag cruinniú a bheidh ann amach anseo, nach bhfuil rún ar bith aici cur i gcoinne an ghnímh tharmligthe agus go bhfuiltear leis an gCoimisiún agus Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas maidir leis an méid sin. Ciallaíonn sé sin, mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina choinne, go bhfoilseofar an gníomh tarmligthe agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 54(6) de Rialachán (AE) 2018/848.